



Scéim Caipitil Ceoil

Treoirínite maidir le Dámhachtain 1 (Grúpaí taibhiúcháin neamghairmiúla)

Arna bhainistiú ag Music Network, arna mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Leagtar amach Scéim Caipitil Ceoil de chuid Music Network chun tacaíocht a chur ar fáil i ndáil le huirlisí ceoil a cheannach agus chun aghaidh a thabhairt ar réimse leathan riachtanas caipitil laistigh d'earnáil an cheoil in Éirinn.

Déantar cur síos sa doiciméad seo ar an mbabhta reatha de **Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1 (Grúpaí taibhiúcháin neamghairmiúla)**, tugtar faisnéis ann ar mar is féidir iarratas a dhéanamh, agus déantar achoimre ann ar mar a dhéanfar iarratais a mheas. Is é is aidhm leis an dámhachtain seo ná tacú le heagraíochtaí a bhfuil baint acu le taibhiú neamghairmiúil ceoil chun uirlisí a cheannach, a chothabháil agus/nó a dheisiú. Tá sé oscailte go díreach do ghrúpaí taibhiúcháin/buíonta ceoil neamghairmiúla in aon seánra ar bith. Tá sé oscailte freisin d'eagraíochtaí pobail, óige agus acmhainní a dhéanann maoirseacht ar thaibhithe ceoil san earnáil neamghairmiúil. N.B. Ní mór go mbainfeadh iarratais le huirlisí a mbeidh ceoltóirí neamghairmiúla agus iad sin amháin ag seinm orthu, agus ní mór na huirlisí sin a úsáid chun críocha cleachtaidh/teagasc agus taibhithe.

Tosaíochtaí Dhámhachtain 1

- Mar gheall ar an líon íseal iarratasóirí as contaetha áirithe ar éirigh leo i mbabhtaí den Scéim Caipitil Ceoil roimhe seo, tabharfar tús áite d'iarratais ar ardchaighdeán as Dún na nGall, Cill Chainnigh agus Sligeach sa bhabhta reatha seo de Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1. Tá maoiniú breise leithdháilte ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun críche na tosaíochta seo.
- Tabharfar tús áite sa bhabhta reatha seo de Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1 d'iarratais ó eagraíochtaí ar féidir a léiriú go mbíonn rannpháirtithe 65 bliain d'aois nó níos sine bainteach leis na gníomhaíochtaí ceoil a reáchtálann siad.
- Tabharfar tús áite sa bhabhta reatha seo de Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1 d'iarratais ó eagraíochtaí ar féidir a léiriú go mbíonn daoine faoi mhíchumas rannpháirteach sna gníomhaíochtaí ceoil a reáchtálann siad. Féach láithreán gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais chun tuilleadh eolais a fháil: <http://nda.ie/disability overview/definitions/>

Is é €162,000 an maoiniú iomlán a bheidh ar fáil faoin mbabhta reatha de Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1.

Is é 2pm, Déardaoin an 21 Aibreán 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Clár

Réamhrá & Tosaíochtaí Dhámhachtain 1	1
Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh?	2
Iarratasóirí / iarratais neamh-incháilithe	2-3
Caiteachas incháilithe / neamh-incháilithe	3
An Próiseas Iarratais: An Fhoirm Iarratais, Ábhar Tacaíochta Riachtanach & Ábhar Tacaíochta Roghnach	4-5
An Próiseas Iarratais: An bealach le d'iarratas a chur ar aghaidh	5
Comhairle d'Iarratasóirí & An Nós Imeachta um Measúnú	6
Torthaí & Coinníollacha na Dámhachtana	7-8
Ceisteanna a Chuirtear go Minic	9

Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh?

Bannaí práis, feaga nó airgid	Grúpaí ceoil chlasaicigh
Bannaí ceolchoirme	Cnagbhannaí nó bannaí samba
Ceolfhoirne agus buíonta amaitéarachacha nó óige	Grúpaí ceoil pobail
Bannaí píob	Grúpaí popcheoil/rac-cheoil
Grúpaí snagcheoil	Grúpaí/eagraíochtaí ceoil thraidisiúnta
Cumainn ceoldrámaí	Cóir
Bunscoileanna/meánscoileanna, sa chás go mbaineann iarratais le gníomhaíochtaí nach cuid den bhunchuraclam iad	
Ionaid/eagraíochtaí acmhainní/grúpaí pobail/grúpaí óige/scoileanna ceoil/gníomhaireachtaí eile thar ceann clár seanbhunaithe taibhiúcháin ceoil neamhghairmiúla.	

Tá Music Network tiomanta do chothromas agus d'ionchuimsiú, agus fáiltíonn sé roimh iarratais ó ghrúpaí i bpobail atá éagsúil ó thaobh cultúir de agus ó dhaoine faoi mhíchumas.

Iarratasóirí / iarratais neamh-incháilithe

- Níl Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla atá maoinithe ag Music Generation go díreach incháilithe le hiarratas a dhéanamh. É sin ráite, fáiltítear roimh iarratais ó sholáthróirí oideachais ceoil áitiúla beag beann ar naisc ar bith le Clár Music Generation de chuid Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla.
- Níl cuideachtaí brabúsacha incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
- Níl daoine aonair incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
- Níl eagraíochtaí atá lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
- Níl iar-dhámhachtaithe na Scéime Caipitil Ceoil nár chomhlíon coinníollacha a ndámhachtana incháilithe le hiarratas a dhéanamh.

Measfar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe sa chás:

- go bhfaighfí d'iarratas i ndiaidh an dáta agus an ama deiridh a nglacfar le hiarratais: 2pm, Déardaoin an 21 Aibreán 2022
- nach mbeadh na hÁbhair Tacaíochta Riachtanacha ar fad (leathanach 3 - 4) curtha ar aghaidh le d'iarratas.
- nach mbeadh na meastacháin riachtanacha do gach uirlis atá beartaithe lena ceannach curtha ar aghaidh agat; féach Ábhair Tacaíochta Riachtanacha (leathanach 3 - 4) chun tuilleadh eolais a fháil.
- nach mbeadh d'iarratas ag teacht le coinníollacha na dámhachtana (leathanach 6 - 7)
- go mbainfeadh d'iarratas le huirlisí a ceannaíodh cheana féin nó a cheannófaí sula ndéanfaí cinntí i dtaca le maoiniú.
- go mbeadh an chuid den fhoirm iarratais a bhaineann le buiséad an iarratais doiléir (e.g. figiúirí curtha síos in airgeadra eile seachas in Euro nó an méid a bheadh á lorg ríofa go mícheart), go ngabhadh an méid atá á iarraidh thar €18,750, nó go ngabhadh costas iomlán ná n-uirlisí atá beartaithe lena gceannach thar €25,000.
- nach mbeadh an fhoirm iarratais comhlánaithe ina hiomláine. Cuir isteach N/B ('ní bhaineann le hábhar') in aon chuid nach bhfuil ábhartha do d'iarratas, más gá.

Tabhair ar aird go ndícháileofar iarratais de thoradh stocaireachta.

Caiteachas incháilithe / neamh-incháilithe

Mar aon leis an gcostas a bhaineann le huirlisí ceoil (uirlisí nua nó uirlisí dara láimhe ar ardchaighdeán) a cheannach, is ionann na míreanna seo a leanas agus caiteachas **incháilithe** mar chuid den bhabhta reatha de Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1:

Boghanna & roisín	Seoláin uirlisí	Feagacha
Drumacheann, bataí drumma, scuaba	Seastáin uirlisí	Taca Gualainne
Troitheán éifeachtaí	Micreafóin	Sain-Stólta, nuair is gá
Trealamh leictreafhuaime	Béalóga	Strapaí
Aimplitheoirí uirlise	Maothadóirí	Sreanga
Cásanna d'uirlisí	Córais Fógartha Poiblí	

Tá na míreanna seo a leanas **neamh-incháilithe** le haghaidh tacaíochta faoin mbabhta reatha de Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1:

Ardúigh Cóir	Bileoga ceoil
Ríomhairí Glúine	Taistil/costais (e.g. costais seachadta) a bhaineann le huirlis(i) a cheannach
Méadranóim	Táillí teagasc, stiúrtha, cóitseála
Seastáin do bhileoga ceoil	Dlúthdhioscaí/físdhioscaí digiteacha a bhaineann le teagasc
Trealamh taifeadta	Tiúnóirí
Spás cleachtaidh a cheannach/a fháil ar cíós	Éidí

An Próiseas Iarratais

Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais ar líne a chomhlánú mar aon le hábhair Tacaíochta Riachtanacha a chur ar aghaidh. Féadfaidh iarratasóirí Ábhair Tacaíochta Roghnacha a chur ar aghaidh chomh maith.

1. An Fhoirm Iarratais

Tá sé chuid san fhoirm iarratais, ina n-iarrfar ar an iarratasóirí faisnéis a chur ar fáil maidir le sonraí teagmhála na heagraíochta / na n-ionadaithe, cúlra na heagraíochta (e.g. rialachas, maoiniúchán, comhaltaí / rannpháirtithe, gníomhaíochtaí), pleananna don todhchaí (e.g. gníomhaíochtaí atá ag teacht aníos, pleananna i leith forbartha) agus na huirlisí atá beartaithe lena gceannach (an costas, ranníocaíocht na heagraíochta i dtreo an chostais, faisnéis i dtaobh an gá a bhaineann leis na huirlisí atá beartaithe lena gceannach). Déanfar na hábhair Tacaíochta go léir a uaslódáil mar chuid den fhoirm iarratais ar líne a chur i gcrích.

2. Ábhair Tacaíochta Riachtanacha

Cinntigh go gcuirfidh tú na hábhair ar fad a luaitear thíos ar fáil, mar go measfar iarratais a bheith neamh-incháilithe sa chás nach mbeadh na hábhair Tacaíochta Riachtanacha ar fad curtha ar aghaidh leo.

- Stair na heagraíochta

Doiciméad ina dtugtar eolas faoi fhorbairt na heagraíochta ó bunaíodh í. I gcás bunscoile / meánscoile, féadfaidh tú díriú go sonrach ar fhorbairt an chláir ceoil (uasteorainn 1,000 focal).

- Liosta de chomhaltaí an bhoird/an choiste

Liosta de chomhaltaí bhord stiúrthóirí d'eagraíochta, ina dtugtar le fios an post atá ag gach duine acu (e.g. Cathaoirleach, Rúnaí, Oifig Caidrimh Phoiblí etc.)

- Liosta d'uirlisí atá i seilbh na heagraíochta (de réir mar is infheidhme)

Más rud é go bhfuil uirlisí i seilbh d'eagraíochta i láthair na huaire, ní mór doiciméad a chur isteach ina sonraítear líon agus cineál na n-uirlisí, an bhail atá ar na huirlisí agus an tréimhse saoil measta atá acu.

- Foirm Dhearbhaithe

Deimhnítear leis seo go nglacann an eagraíocht leis na coinníollacha ar fad a bhaineann leis an dámhachtain, agus go bhfeidhmíonn sí de réir dea-chleachtas maidir le doiciméid agus nósanna imeachta rialachais na heagraíochta. Ba cheart an Fhoirm Dhearbhaithe seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin Music Network (www.musicnetwork.ie) agus a chomhlánú ina hiomláine sula ndéanfaí í a uaslódáil.

- Taifeadtaí fuaime/físe

Ní mór d'iarratasóirí suas le trí chomhad fuaime shamplacha a uaslódáil (formáid mp3 amháin) agus doiciméad Word in éineacht leo ina gcuirtear sonraí taifeadta in iúl (dáta, suíomh an taifeadta, amanna tosaigh/stoptha do chodanna ábhartha don mheasúnóir le héisteacht leo). Mar mhalairt air sin, féadfaidh iarratasóirí suas le trí nasc chuig taifeadtaí fuaime nó físe a liostú ar an doiciméad Word, mar aon leis na sonraí taifeadta. N.B. Mura mbeifear ábalta rochtain a fháil ar na nasc le linn na tréimhse measúnaithe, ní bheifear in ann rochtain iomlán a fháil ar d'iarratas agus sa chás sin, measfar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe. An t-aon seans a bheidh ag an measúnóir blaiseadh a fháil ar ghníomhaíochtaí ealaíne d'eagraíochta ná trí do thaifeadtaí fuaime/físe, agus mar sin, bí cinnte go dtugtar an léiriú is fearr agus is féidir ar chumas taibhiúcháin do chomhaltaí sna taifeadtaí a chuirfidh tú ar aghaidh.

- An líon éigeantach meastachán do gach uirlis atá beartaithe lena ceannach

Ní mór do gach iarratas ar bhabhta reatha na Scéime Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1 Treoirínte um Sholáthar Poiblí a chomhlíonadh. Ní mór meastacháin do gach uirlis atá beartaithe lena ceannach a bheith san áireamh i ngach iarratas, mar seo a leanas:

- Sa chás go bhfuil costas foriomlán na n-uirlisí atá beartaithe lena gceannach faoi bhun €5,000, ní mór d'iarratasóirí meastacháin a chur isteach ó **dhá (2) sholáthróir éagsúla**
- Sa chás go bhfuil costas foriomlán na n-uirlisí atá beartaithe lena gceannach idir €5,000 agus €25,000, ní mór d'iarratasóirí meastacháin a chur isteach ó **thrí (3) sholáthróir éagsúla**

Ná gabhadh costas foriomlán na n-uirlisí atá beartaithe lena gceannach thar €25,000. Ní mór go léireofar costas agus sonraíochtaí na huirlise sa mheastachán, i ngabháil scáileáin tógtha ar láithreán gréasáin an tsoláthra, é sin nó i scríbhinn ón soláthróir. I gcás uirlisí saincheaptha, ba cheart go mbainfeadh na meastachán/meastacháin bhreise leis an uirlis/na huirlisí is mó atá inchomparáide. Más in airgeadra seachas an Euro atá na meastacháin, cuir isteach an ráta comhshó cú; ní mór figiúirí ar d'fhoirm iarratais a chur síos in Euro.

- Beathaisnéisí pearsanra ealaíne

Curriculum Vitae nó faisnéis eile lena dtugtar sonraí ar ghairm cheoil an phearsanra is mó a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí teagaisc / ealaíne na heagraíochta.

D'fhéadfadh a leanas a bheith i measc an phríomhphearsanra ealaíne, gan a bheith teoranta dóibh: stiúrthóir ealaíne, stiúrthóir ceoil agus/nó stiúrthóir cúnta, teagascóirí/cumadóirí/ceoltóirí ar cuairt a chuireann teagasc ar fáil, etc.

3. Ábhair Tacaíochta Roghnacha

Féadfaidh iarratasóirí suas le deich ndoiciméad a uaslódáil mar Ábhar Tacaíochta Roghnach. D'fhéadfaí a leanas a áireamh ann, gan a bheith teoranta dóibh:

- Ábhar poiblíochta, gearrthóga nuachtáin
- Léirmheasanna, bileoga moltóireachta
- Deimhniú ar mhaoiniú comhpháirtíochta (má tá sé deimhnithe cheana féin)

4. An bealach le d'iarratas a chur ar aghaidh

Ba cheart d'iarratasóirí cuairt a thabhairt ar www.musicnetwork.ie agus próifíl a chruthú ar thairseach na n-iarratas. Uaidh seo, féadfaidh an t-iarratasóir an t-iarratas a chur i gcrích ina chéimeanna (an fhoirm iarratais ábhartha a chomhlánú agus na Ábhair Tacaíochta Riachtanacha agus Roghnacha a uaslódáil) le linn na tréimhse iarratais. Ní mór an t-iarratas comhlánaithe a chur ar aghaidh faoin **2pm, Déardaoin an 21 Aibreán 2022**. Coinnigh cóip de do thaisceadh mar phointe tagartha amach anseo.

Má chuireann tú d'iarratas ar aghaidh roimh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais, gheobhaidh tú ríomhphost uathoibríthe ina ndeimhneofar gur éirigh leat d'iarratas a chur isteach sa chóras i gceart. **Mura bhfaigheann tú an ríomhphost seo, níor cuireadh d'iarratas isteach i gceart.** Tabhair ar aird gur faoin iarratasóir atá sé a chinntiú go bhfaigheann Music Network an t-iarratas faoin dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Ní féidir le Music Network freagracht a ghlacadh as iarratais nár cuireadh isteach i gceart faoin dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Comhairle d'Iarratasóirí

- Léigh na Treoirínte reatha maidir le Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1 agus an fhoirm iarratais reatha do Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1 fad atá d'iarratas á ullmhú agat.
- Soiléirigh na riachtanais atá ag d'eagraíocht ó thaobh uirlisí de agus déan taighde ar na roghanna ceannaigh is oiriúnaí.
- Bíodh tuairim shoiléir réalaíoch agat ar na costais a bhaineann le do thogra agus leag amach go soiléir na foinsí ioncaim atá agat.
- Déan cinnte go bhfuil d'iarratas soiléir agus gonta agus nach bhfuil débhrí ann; ná glac leis go bhfuil cur amach ag na measúnóirí ar do chuid oibre.
- Léigh na nótaí a ghabhann le gach ceist ar an bhfoirm iarratais.
- Bí ag smaoineamh ar na critéir roghnúcháin agus an t-iarratas á scríobh agat agus na hábhair tacaíochta á roghnú agat lena gcur ar aghaidh.
- Roghnaigh an t-ábhar tacaíochta go cúramach lena chinntiú gurb é an léiriú is fearr é ar do chuid oibre. Obair a rinneadh le déanaí, go príomha, a bheidh san ábhar tacaíochta, agus ba cheart baint shoiléir a bheith le feiceáil idir é agus na huirlisí atá beartaithe lena gceannach.
- Iarr ar chara nó ar chomhghleacaí súil a chaitheamh ar d'iarratas sula gcuirfeá ar aghaidh é.
- Bíodh d'iarratas ullmhaithe agus curtha ar aghaidh agat i bhfad roimh an dáta agus am deiridh a nglacfar le hiarratais: **2pm, Déardaoin an 21 Aibreán 2022.**

An Nós Imeachta um Measúnú

Déanfaidh comhairleoir neamhspleách na hiarratais incháilithe ar fad a mheas bunaithe ar an gcritéir roghnúcháin a luaitear thíos. D'fhéadfaí leas a bhaint as próiseas gearrliostaithe, ag brath ar líon na n-iarratas. I ndiaidh sin, déanfaidh painéal, ar a mbeidh ionadaithe ó Music Network, ón gComhairle Ealaíon agus cleachtóirí ceoil a bhaineann le seánraí éagsúla, na hiarratais a bhreithniú agus déanfaidh siad cinneadh maidir le leithdháileadh na gcistí. D'fhéadfadh an painéal a chinneadh gan cistí a bhronnadh sa chás nach bhfaighfí dóthain iarratas ardchaighdeán. Cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an phainéil. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhfuil teorainn leis an maoiniú agus gur próiseas thar a bheith iomaíoch é seo. Ní leor na critéir incháilitheachta a shásamh le maoiniú a chinntiú.

Critéir Roghnúcháin

Déanfar iarratais a mheas bunaithe ar na hocht critéir seo a leanas a bhfuil **an t-ualú céanna leo ar fad**:

Cuntas teiste na heagraíochta	Pleananna & polasaithe ealaíne foriomlána na heagraíochta
An gá léirithe atá leis na huirlisí atá beartaithe lena gceannach	Pleananna i ndáil le teagasc / tacaíocht leanúnach a thabhairt dóibhsean a bheidh ag baint leas as na huirlisí atá beartaithe lena
Oiriúnacht na huirlisí atá beartaithe lena gceannach	Leibhéal úsáide na n-uirlisí atá beartaithe lena gceannach
An buntáiste don phobal a bhaineann leis na huirlisí atá beartaithe lena gceannach	Pleananna maidir leis na huirlisí atá beartaithe lena gceannach a chothabháil, a dheisiú, a choinneáil & a árachú

Torthaí

Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas ar ríomhphost maidir le cinneadh an phainéil faoi mhí Iúil 2022. Foilseofar ainmneacha na n-iarratasóirí a n-éireoidh leo go gairid ina dhiaidh sin.

Iarratasóirí nach n-éireoidh leo

Cuirfidh Music Network aiseolas ar fáil d'iarratasóirí nach n-éireoidh leo laistigh de dhá mhí ó fhógra na dtorthaí. Beidh cead ag na hiarratasóirí sin iarratas a dhéanamh arís amach anseo.

Iarratasóirí a n-éireoidh leo - Coinníollacha na dámhachtana

- Ní mór d'eagraíochtaí a bheith lonnaithe i bPoblacht na hÉireann agus leas rialta a bhaint as na huirlisí inti.
- Ní mór na huirlisí a bheith faoi úinéireacht eagraíocht chomhdhéanaimh a fheidhmíonn ina heagraíocht sheachbhrabúsach, ina heagraíocht dheonach nó ina chomhlacht carthanachta. Ní mór don eagraíocht a cuntas bainc féin a bheith aici (i.e. cuntas neamhphearsanta).
- Bronnfar suas le 75% de chostas iomlán na n-uirlisí; ná gabhadh méid na dámhachtana thar 75% de chostas iomlán na n-uirlisí. Ní mór d'iarratasóirí an bealach a mhaoineoidh an eagraíocht an 25% eile a léiriú; níl cead lascaine ó sholáthróirí uirlisí a bheith san áireamh leis an 25% seo. Níor cheart an méid a iarrfar a bheith níos airde ná €18,750 agus níor cheart costas iomlán na n-uirlise a bheith níos airde ná €25,000. Féach **Ábhair Tacaíochta Riachtanacha** (leathanach 3 - 4).
- Tá de cheanglas ar eagraíochta a chuireann cláir ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois agus/nó d'aoisigh leochaileacha polasaithe agus nósanna imeachta leordhóthanacha maidir le cosaint agus leas leanaí / aosach leochaileach a bheith i bhfeidhm acu.
- Ní mór polasaithe soiléire a bheith i bhfeidhm ag eagraíochtaí maidir le húsáid uirlisí. Féadfaidh eagraíochtaí uirlisí a chur ar fáil saor in aisce do cheoltóirí nó ar tháille ainmniúil (chun dul i dtreo chúram agus chothabháil na huirlise). Níl sé ceaptha go ndéanfaidh eagraíochtaí brabús as na huirlisí, agus dá bhrí sin, tá cuideachtaí brabúsacha neamh-incháilithe le hiarratas a dhéanamh.
- Ní mór d'eagraíochtaí soláthar cuí a dhéanamh maidir le haire a thabhairt d'uirlisí agus iad a choinneáil, a árachú, a chothabháil agus a dheisiú.
- I gcás ionaid atá ag déanamh iarratas ar mhaoiniú, ba cheart dóibh a chur in iúl an mbeidh roinnt buíonta / grúpaí éagsúla ag baint úsáide as na huirlisí atá beartaithe lena gceannach, agus beathaisnéisí pearsanra ealaíne agus samplaí d'obair na ngrúpaí seo ar fad a chur ar aghaidh. Ní mór an duine nó an grúpaí ar a dtitfidh freagracht dheiridh na n-uirlisí a chur in iúl go soiléir san iarratas.
- Ní mór d'eagraíochtaí a chinntiú go mbeidh traenáil agus tacaíocht leanúnach ar fáil do na ceoltóirí a bheidh ag seinm ar na huirlisí atá beartaithe lena gceannach/lena ndeisiú. Áirítear air seo teagasc/cleachtaí ar líne, teagasc/cleachtaí ar an láthair, ceardlanna/máistir-ranganna a chuirfear ar fáil le pearsana atá cáilithe go cuí/a bhfuil taithí cuí acu, ceoltóirí agus teagascóirí ar cuairt agus deiseanna taibhiúcháin, gan a bheith teoranta don mhéid sin.
- Ní mór d'eagraíochtaí a mbronnfar dámhachtain orthu beirt chomhaltaí a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú dhámhachtain na Scéime Caipitil Ceoil agus ceannach na n-uirlisí, agus ar an gcaoi a ndéanfar coinníollacha an iarratais/na dámhachtana a chomhlíonadh san eagraíocht. Ní rachaidh Music Network i dteagmháil le comhalta ar bith eile den eagraíocht i ndáil le hiarratas na dámhachtana seo mura molfadh an bord/an coiste athrú, ar athrú é a chuirfí in iúl do Music Network i scríbhinn.

- Scríobhfaidh eagraíochta ar a mbronnfar dámhachtain chuig Music Network laistigh de dhá sheachtain ó na torthaí a fháil chun íocaíocht na dámhachtana a iarraidh. Maidir le dámhachtainí €10,000 nó os a chionn sin, éileofar ar iarratasóirí a n-éireoidh leo an Uimhir Tagartha Cánach agus an Uimhir Rochtana an Imréitigh Cánach atá acu a chur ar fáil d'fhonn an dámhachtain a tharraingt anuas.
- Ní mór don eagraíocht ar a mbronnfar dámhachtain faomhadh Music Network a fháil maidir le hathrú ar bith atá beartaithe aici ar na huirlisí sonraithe le ceannach.
- Ní mór d'eagraíochtaí cóipeanna d'fháltais don uirlis / do na huirlisí ceadaithe a chur ar fáil do Music Network laistigh de thrí mhí ó íocaíocht na dámhachtana a fháil. I gcás gur in airgeadra eile seachas an euro atá na fáltais, ní mór deimhniú ar an tsuim a íocadh in euro a chur ar fáil freisin. I gcás nach bhfaightear doiciméid den sórt sin, forghéillfeadh an dámhachtaí an dámhachtain, agus aisíocfaidh sé an sciar de na cistí nár úsáideadh le Music Network. I gcás an costas deiridh a bheith níos ísle ná mar a raibh súil leis, aisíocfaidh an dámhachtaí an sciar den dámhachtain nár úsáideadh le Music Network lena chur isteach i gciste dhámhachtain na Scéime Caipitil Ceoil do na blianta atá le teacht.
- Níl cead ag eagraíochtaí ar a mbronnfar dámhachtain uirlisí a mhaoinéofar faoin scéim seo a dhíol ná a dhíúscairt ar bhealach eile. Má tharlaíonn sé nach bhfuil gá leis na huirlisí a thuilleadh, nó má thagann deireadh leis an eagraíocht, ní mór Music Network a chur ar an eolas. Tar éis di dul i gcomhairle le Music Network, aistroidh an eagraíocht na huirlisí chuig comhlacht cúil eile (le húsáid leanúnach na huirlisí a chinntiú), nó déanfaidh sí na huirlisí a dhíol agus an sciar iomchuí de na cistí a bailíodh a aisíoc le Music Network. Cuirfear an méid sin isteach i gciste na Scéime Caipitil Ceoil do na blianta atá le teacht.
- Cuirfidh eagraíochtaí ar a mbronnfar dámhachtain tuarascálacha bliantúla ar úsáid bheacht na n-uirlisí ar fáil do Music Network go ceann trí bliana ó dháta na dámhachtana.
- Beidh sé d'oibleagáid ar eagraíochtaí ar a mbronnfar dámhachtain tacaíocht Music Network, tacaíocht na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus tacaíocht na Comhairle Ealaíon a admháil in ábhar beathaisnéiseach agus poiblíochta, ó dháta na dámhachtana, go ceann trí bliana ar a laghad. Seolfar na lógónna ábhartha agus teimpléad de théacs na hadmhála chuig dámhachtaithe tar éis torthaí na dámhachtana a dheimhniú. Éileofar ar eagraíochtaí cruthúnas ar admháil a chur faoi bhráid Music Network in éineacht le tuarascálacha bliantúla i.e. cláir ceolchoirme shamplacha, gabhálacha scáileáin ó láithreáin ghréasáin, póstaer, fógráin etc. ar a bhfuil an admháil le feiceáil.
- Comhaontóidh eagraíochtaí ar a mbronnfar dámhachtain go gcloífídh siad le coinníollacha na dámhachtana. Sa chás go sáraíonn eagraíocht coinníollacha na dámhachtana, aisíocfaidh sí le Music Network an tsuim a bronnadh uirthi (nó an céatadán de luach na n-uirlisí ag an bpointe sin atá comhfhreagrach don chéatadán de luach na bundámhachtana). Cuirfear an méid sin isteach i gciste na Scéime Caipitil Ceoil do na blianta atá le teacht. Ní bheidh an eagraíocht incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar an Scéim Caipitil Ceoil amach anseo.

Ceisteanna a Chuirtear go Minic

An féidir liom iarratas a sheoladh ar ríomhphost nó a chur sa phost?

Ní féidir, ní mór gach iarratas a chur ar aghaidh ar líne ar www.musicnetwork.ie.

An bhfuil seoladh ríomhphoist ag teastáil uaim chun iarratas a dhéanamh?

Tá, tá seoladh ríomhphost ag teastáil. Seolfar comhfhreagras ina ndeimhneofar go bhfuarthas an t-iarratas, agus comhfhreagras le torthaí na dámhachtana, ar ríomhphost. N.B. seoltar ríomhphoist go huathoibríoch, agus mar sin tá seans go dtiocfaidís isteach i d'fhilleáin turscair. Seiceáil na fillteáin sin mura bhfuil ríomhphost deimhnithe nó ríomhphost na dtorthaí faighte agat.

Céard a cháilíonn chun “cuntas teiste” a léiriú?

Is éard atá i gceist le “cuntas teiste” ná forbairt agus cumas cruthaithe na heagraíochta, agus d'fhéadfaí é a léiriú trí fhaisnéis ar thaibhithe, cláir, sonraí ar stair agus forbairt na heagraíochta, taifeadtaí fuaime/físe agus gearrthóga nuachtáin. Samplaí ardchaighdeáin de ghníomhaíochtaí ealaíne na heagraíochta a bheidh sna taifeadtaí fuaime/físe. I gcás eagraíochtaí nua, d'fhéadfaí acmhainneacht na heagraíochta a léiriú in áit an chuntais teiste trí phleananna forbartha mionsonraithe don eagraíocht a chur ar aghaidh.

An bhfuil orm meastacháin don uirlis / do na huirlisí a chur ar aghaidh?

Tá, ní mór gach iarratas don Scéim Caipitil Ceoil - Dámhachtain 1 a bheith ag teacht le Treoirínite Soláthair Phoiblí: <http://ogp.gov.ie/public-procurement-guidelines-for-goods-and-services/>.

Is cuid de na hÁbhair Tacaíochta Riachtanacha iad na meastacháin, agus measfar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe mura bhfuil na hÁbhair Tacaíochta Riachtanacha ar fad san áireamh leis, mar a luaitear ar leathanach 3 - 4 thuas. Tá na meastacháin riachtanach d'fhonn comparáid a dhéanamh ionas gur féidir 'luach ar airgead' a léiriú agus a bhreithniú go cúramach i gcás na n-iarratas go léir.

Conas is féidir liom taifeadtaí físe a chur ar aghaidh?

Is féidir leat naisc chuig taifeadtaí fuaime nó físe a liostú ar an ndoiciméid Word nár mhór a uaslódáil i gCuid 3 den fhoirm iarratais. Mura bhfuil teacht ar na naisc le linn na tréimhse measúnaithe, ní bheifear in ann measúnú iomlán a dhéanamh ar d'iarratas agus measfar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe. Mar sin, cinntigh go bhfuil rochtain phoiblí ar do naisc, nó cuir pasfhocal ar fáil más gá.

Cathain ba cheart dom m'iarratas a chur ar aghaidh?

Bíodh sé mar aidhm agat d'iarratas a bheith réidh lena chur ar aghaidh cúpla lá roimh an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **2pm, Déardaoin an 21 Aibreán 2022.**

Is féidir le hiarratasóirí a bpróifíl a chruthú ar thairseach na n-iarratas nuair a osclóidh sé, agus a n-iarratas a chur i gcrích de réir a chéile go dtí go dtiocfaidh an spriocdháta. Ní mór an t-iarratas comhlánaithe a bheith curtha ar aghaidh faoin dáta deiridh sin. Coinnigh cóip de do thaisceadh mar phointe tagartha amach anseo.